



SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2009

Ealaín · Ceardaíocht · Dearadh—Líníocht Gnáthleibhéal

Eisithe do Mhúinteoirí Ealaíne & do Mhic Léinn Ealaíne, Ceardaíochta, Dearaidh
TÁ 100 MARC AG GABHÁIL LEIS AN bPÁIPÉAR SEO

Beidh an scrúdú ar siúl ar 5 BEALTAINE 2009

Treoracha d'iarrthóirí

IS CEADMHACH duit dath a úsáid más mian leat agus meáin oiriúnacha ar bith: Pinn luaidhe, Pastail, Criáin, Peann agus Dúch, Péinteanna, Marcóirí, nó cnuasach ar bith díobh seo, chun do líníochtaí a tharraingt.

NÍ FÉIDIR bileoga líníochta níos mó ná méid A2 a úsáid.

DEIMHNIGH GO bhfuil do scrúduimhir cheart scríofa go soiléir sa spás atá ann di ar gach bileog líníochta atá á tabhairt isteach agat le scrúdú.

CUIRFEAR TÚS le scrúduithe na nDeilbheacha Nádúrtha agus na nDeilbheacha Saorga ar 9.30am agus críochnóidh siad ar 10.30am.

BEIDH SOS 30 nóiméad ann idir deireadh do chéad rogha scrúdú agus tús scrúdú na nDeilbheacha Daonna a thosóidh ar 11.00am agus a chríochnóidh ar 12.30pm.

CEADAÍTEAR 90 nóiméad le haghaidh líníocht na nDeilbheacha Daonna, na tréimhsí sosa uile le haghaidh an chuspa bheo san áireamh.

I RITH an scrúdaithe, tabharfaidh an feitheoir ar ais duit clúdach Choimisiún na Scrúduithe Stáit ina bhfuil do shaothar ar an tionscadal 2T. Nuair a bheidh gach roinn den scrúdú seo thart, cuir do líníochtaí sa chlúdach chomh maith leis an gcuid eile de do shaothar tionscadail.

ANSIN DÚN agus séalaigh an clúdach.

Ní mór duit staidéar a dhéanamh astu seo

Catagóir A	Deilbheacha Nádúrtha	9.30am–10.30am
NÓ Catagóir B	Deilbheacha Saorga	9.30am–10.30am
AGUS, CHOMH MAITH, AS Catagóir C	Deilbheacha Daonna	11.00am–12.30pm

Catagóir A

MARCANNA–BREATHDÓIREACHT 25 · LÉIRIÚ 25

Deilbheacha Nádúrtha

Roghnaigh ceann amháin as an liosta thíos

Táth de bhláthanna beaga
Duilleoga triomaithe, uigithe
Seadóg
Spreotaí adhmaid
Meacan bán
Fód móna
Cabáiste dearg
Rogha de chaora finiúna agus de chaora
Bláth singil
Bataí agus clocha
Trátaí ar an bhféithleo

Tarraing líníocht den fhíor iomlán nó líníocht de chuid di a thaitníonn leat. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun béim a chur ar a gnéithe uile.

NÓ

Catagóir B

MARCANNA–BREATHDÓIREACHT 25 · LÉIRIÚ 25

Deilbheacha Saorga

Roghnaigh ceann amháin as an liosta thíos

Buicéad guail
Raca irisí
Leabhar oscailte
Crann fuinte
Buidéal anlainn
Scuab sciúrtha
Dáileoír seilitéipe
Lián láimhe beag
Mála spóirt
Stán péinte
Canna spréite

Tarraing líníocht den fhíor iomlán nó líníocht de chuid di a thaitníonn leat. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun béim a chur ar a gnéithe uile.

Catagóir C

MARCANNA–BREATHDÓIREACHT 25 · LÉIRIÚ 25

Deilbheacha Daonna

An staidiúir bheo a éilítear

Ba chóir go mbeadh an cuspa beo a sholáthraítear don scrúdú líníochta seo suite ar chathaoir.

Ba chóir go mbeadh an cuspa ag léamh leabhair i suíomh compórdach, ag breith ar an leabhar oscailte ina d(h)á lámh.

Ba chóir go mbeadh glúine an chuspa trasnaithe, an ghlúin dheas thar an nglúin chlé, agus an chos chlé leagtha go cothrom ar an talamh.

Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo ag taispeáint na staidiúire iomláine,

NÓ

Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo ag taispeáint an chloiginn agus na nguailí. Caithfear gnéithe uile na haghaidhe is féidir leat a fheiceáil a bhreacadh sa líníocht a tharraingíonn tú.

LEATHANACH BÁN